

Múinteoirí Gaeilge míshasta

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scrúduithe nua na Gaeilge. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad é an scrúdú deireanach Gaeilge a rinne tú?
2. Cad a cheap tú faoin scrúdú sin? Cén fáth?



Ceist 2

Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na focail agus na frásaí seo leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh iad?

*grúpa a dhéanann ionadaíocht ar
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
an tsraith shóisearach
múinteoirí faoi leith
dúshlánach
athbhreithniú
feachtas ar líne
dul i ngleic leis
oiriúnach
impleachtaí*

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Baineann na scrúduithe atá faoi chaibidil sa mhír leis an Teastas Sóisearach.
2. Tá na páipéir shamplacha T2 dírithe ar fhoghlaimoirí a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu.
3. Deir an Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge go bhfuil an scrúdú i bhfad rófhada.

4. Ceapann Sharon Ní Fhloinn gur cheart go mbeadh na ceisteanna bunaithe ar shaol na ndaltaí.
5. Beidh na daltaí a thosaigh an cúrsa sa bhliain 2017 ag tabhairt faoi na scrúduithe i gceann dhá bhliain.
6. Is é an tuairim atá ag Mairéad Ní Iarlaithe ná go bhfuil na scrúduithe mí-oiriúnach agus ródheacair.
7. Ní dheachaigh TG4 i dteagmháil leis an gCoimisiún fós.

Ceist 4

‘...istigh...’

Líon isteach an leagan ceart de gach focal sna samplaí thíos:

Isteach

Tá sé ag dul _____ sa seomra anois.

Nach bhfuil sé te _____ sa teach?

Amach

Chas mé leis nuair a bhí mé ag dul _____ an doras.

Tá an madra _____ le tamall fada.

Suas

Téigh _____ an staighre. Nuair atá tú _____, téigh isteach sa leaba agus ná tar _____ arís.

Síos

Téigh _____ an staighre. Nuair atá tú _____, gabh isteach sa seomra suí agus iarr ar Mháire teacht _____ le labhairt liom.

Ceist 5

Comhchiallaigh

Bhí comhchiallaigh na bhfocal agus na bhfrásaí seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

- míshona
- contúirt
- laistigh
- sa chaoi is
- go leor
- buairt
- feiliúnach

Ceist 6

Obair bheirte

Tá tú féin agus an duine in aice leat ag obair le Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Cumaigí dréacht de pháipéar scrúdaithe Gaeilge. Smaoinígí ar na ceisteanna seo a leanas agus sibh ag obair:

Cé chomh fada is a mhairfidh an scrúdú?
Cad iad na topaicí a bheidh ann?

Conas a chlúdáfar léamhthuisctint, cluastuisctint, scríbhneoireacht agus labhairt?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

- | | |
|-----------------------------|--|
| 1. a group that represents | <i>grúpa a dhéanann ionadaíocht ar</i> |
| 2. State Examinations Board | <i>Coimisiún na Scrúduithe Stáit</i> |
| 3. the junior cycle | <i>an tsraith shóisearach</i> |
| 4. certain teachers | <i>múinteoirí faoi leith</i> |
| 5. challenging | <i>dúshlánach</i> |
| 6. review/assessment | <i>athbhreithniú</i> |
| 7. online campaign | <i>feachtas ar líne</i> |
| 8. take on, handle | <i>dul i ngleic leis</i> |
| 9. suitable | <i>oiriúnach</i> |
| 10. implications | <i>impleachtaí</i> |

Ceist 2

1. Baineann na scrúduithe atá faoi chaibidil sa mhír leis an Teastas Sóisearach. **Fíor.**
2. Tá na páipéir shamplacha T2 dírithe ar fhoghlaimoirí a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu. **Bréagach. Tá siad dírithe ar dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge mar dara teanga acu.**
3. Deir an Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge go bhfuil an scrúdú i bhfad rófhada. **Fíor.**
4. Ceapann Sharon Ní Fhlóinn gur cheart go mbeadh na ceistanna bunaithe ar shaol na ndaltaí. **Fíor.**
5. Beidh na daltaí a thosaigh an cúrsa sa bhliain 2017 ag tabhairt faoi na scrúduithe i gceann dhá bhliain. **Bréagach. Beidh siad ag tabhairt faoi an bhliain seo chugainn.**
6. Is é an tuairim atá ag Mairéad Ní Iarlaithe ná go bhfuil na scrúduithe mí-oiriúnach agus ródheacair. **Fíor.**
7. Ní dheachaigh TG4 i dteagmháil leis an gCoimisiún fós. **Bréagach. D'iarr siad ráiteas ar an gCoimisiún ach níor cuireadh ceann ar bith ar fáil.**

Ceist 4

Isteach

Tá sé ag dul **isteach** sa seomra anois.

Nach bhfuil sé te **istigh** sa teach?

Amach

Chas mé leis nuair a bhí mé ag dul **amach** an doras.

Tá an madra **amuigh** le tamall fada.

Suas

Téigh **suas** an staighre. Nuair atá tú **thuas**, téigh isteach sa leaba agus ná tar **anuas** arís.

Síos

Téigh **síos** an staighre. Nuair atá tú **thíos**, gabh isteach sa seomra suí agus iarr ar Mháire teacht **aníos** le labhairt liom.

Ceist 5

míshona – míshásta
contúirt – baol
laistigh – taobh istigh
sa chaoi is – ionas
go leor – dóthain
buairt – imní
feiliúnach – oiriúnach

Ceist 6

Mínigh do na daltaí nach gcaithfidh siad dul ródhomain isteach sa cheist seo. Is leor smaointe ginearálta a bheith acu. Pléigh an obair a rinne gach beirt os comhair an ranga ar fad.

Eimear Ní Chonaola

Tá grúpa a dhéanann ionadaíocht ar mhúinteoirí Gaeilge ag iarraidh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar na páipéir shamplacha Ghaeilge don tsraith shóisearach nua. D'fhoilsigh an Coimisiún na páipéir don scrúdú Gaeilge Ardleibhéal an tseachtain seo caite. Agus tá múinteoirí áirithe thar a bheith míshásta leo.

Sinéad Ní Neachtain

Tharraing na páipéir shamplacha caint an tseachtain seo caite mar go raibh inní ar mhúinteoirí faoi leith, faoi chomh dúshlánach is atá na páipéir nua agus go bhfuil baol ann go gcuirfeadh sé daltaí i dtreo na bpáipéar gnáthleibhéal. Tá eagraíocht múinteoirí Gaeilge anois ag iarraidh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit athbhreithniú a dhéanamh ar na páipéir shamplacha. Maidir le Gaeilge T2 – is é sin daltaí arb í an Ghaeilge an dara teanga atá acu – deir an Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge go bhfuil an iomarca gnéithe ar an scrúdú agus nach mbeidh sé ar chumas na ndaltaí é a chríochnú taobh istigh de dhá uair an chloig. Tá roinnt moltaí curtha ar aghaidh ag an nGréasán chuig an gCoimisiún.

Sharon Ní Fhloinn, Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge

Táimid tar éis ráiteas a chur ar aghaidh chucu le roinnt moltaí. Ina measc - réim¹ theanga cheart a aimsiú sna ceisteanna, líon na gceisteanna a ísliú ionas go mbeidh dóthain ama ag scoláirí iad a fhreagairt, agus ba mhaith linn go mbeadh cuid de na ceisteanna ag díriú isteach ar na rudaí a bhaineann le saol agus le suimeanna na scoláirí.

Sinéad Ní Neachtain

Tugadh siollabas nua Gaeilge isteach don Teastas Sóisearach i Meán Fómhair 2017. Beidh daltaí a thosaigh an cúrsa an uair sin ag tabhairt faoi na scrúduithe an bhliain seo chugainn. Cuireadh tús le feachtas ar líne an tseachtain seo caite, áit ar léirigh múinteoirí inní nach mbeidh sé de chumas ag daltaí Gaeilge T2 dul i ngleic leis an bpáipéar nua ardleibhéal.

Mairéad Ní Iarlaithe, Riarthóir an Fheachtais ar líne

Tá na múinteoirí Gaeilge an-bhuartha faoin bpáipéar samplach a tháinig amach. Ní raibh sé oiriúnach ar chor ar bith. Bhí na ceisteanna ródheacair. Ní raibh go leor ama ag na daltaí chun an páipéar a fhreagairt. Ní raibh na ceisteanna bunaithe ar shaol na bpáistí, shaol na ndaltaí. Tá impleachtaí an-diúltach ag an rud seo ar thodhchaí na Gaeilge agus táimid an-bhuartha.

Sinéad Ní Neachtain

D'iarr muid ráiteas inniu ar an gCoimisiún ach níor cuireadh ceann ar fáil go fóill.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

¹ réimse a dúradh